



Houses of the
Oireachtas Commission
Coimisiún Thithe
an Oireachtais

Beartas Sábháilteachta agus Slándála Cuairteoirí

Coimisiún Thithe an Oireachtais

Faisnéis don Suíomh Gréasáin

BEARTAS SÁBHÁILTEACHTA AGUS SLÁNDÁLA CUAIRTEOIRÍ

Baineann an beartas seo le gach cuairteoir ar Theach Laighean agus ar fhoirgnimh eile a ndéanann Seirbhís Thithe an Oireachtais maoirseacht orthu go buan nó go sealadach ('an campas').

Ciallaíonn *cuairteoir* aon duine a théann isteach sa champas seachas daoine ag a bhfuil pas reatha de chuid Thithe an Oireachtais arna eisiúint go bailí lena dtugtar cead isteach sa champas.

Is faoi réir na Rialacha seo a leanas a cheadaítear do chuairoteoirí dul isteach i gcampas Thithe an Oireachtais:

1. Measfar go nglacfaidh aon duine a rachaidh isteach sa champas leis na Rialacha seo ar fad gan choinníoll.

ROIMH CHUAIRT A THABHAIRT

2. Coimeádtar an ceart chun cead isteach a dhiúltú do chuairoteoirí i ngach cás. Féadfaidh Maoirseoir na dTithe; Captaen an Gharda; nó aon chomhalta d'fhoireann rannán na nUiséirí Parlaiminteacha nó aon Oifigeach Seirbhíse an diúltú sin a dhéanamh (ar údarás Choimisiún Thithe an Oireachtais agus an Bhuanchoiste iomchuí).
3. Má iarrann tú cead isteach, toilíonn tú cur síos cruinn a thabhairt ar do chéannacht nuair a iarrfar ort é (agus cóip de dhoiciméad céannachta a thaispeáint má mheasaimid gur gá sin). Toilíonn tú, chomh maith, cur síos a dhéanamh ar aon rud atá á iompar agat agus é a thaispeáint, agus, má chreideann an comhalta foirne iomchuí gur gá é, toilíonn tú le cuardach éadrom. Féadfaidh Uiséirí Parlaiminteacha/Oifigh Sheirbhíse nó comhaltaí den Gharda Síochana, nó iad araon, an cuardach seo a dhéanamh.
4. Aontaíonn tú gan iad seo a leanas a thabhairt isteach san áitreabh nó, agus tú ann, gan iad seo, nó rudaí dá samhail, a bheith agat:
 - nithe géara, mar shampla, sceana (sceana Arm na hEilvéise san áireamh), siosúir, sceanra nó scriúirí
 - spraeirí péinte
 - glais fraincín, slabhraí, nó fearas dreapadóireachta
 - rudaí a dhéanann torann (feadóga, mar shampla)
 - meirgí, póstaer nó bratacha
 - aon bhall éadaigh ar a bhfuil suaitheantais, léaráidí, nó ábhar priontáilte ab fhéidir a mheas mar ábhar maslach nó míchuí, nó a shamhlaítear le ní a bhfuil díospóireacht á déanamh faoi os comhair ceachtar Teach den Oireachtas nó coiste
 - leachtanna nach bhfuil i gcoimeádáin inséalaithe.
5. Má tá aon ní den sórt sin i do sheilbh agat agus tú ag dul isteach, féadfaidh an comhalta foirne iomchuí, in áit diúltú tú a ligean isteach, ligean duit dul isteach ar choinníoll go dtabharfaidh tú an ní ar láimh. Féadfar é a thabhairt ar ais duit agus tú ag fágáil an champais.

6. Cuimsíonn do thoiliú na nithe atá liostaithe anseo nó nithe dá samhail fiú má tá cead agat de réir dlí iad a bheith i do sheilbh agat in áiteanna eile; má tá aon ní a d'fhéadfaí a áireamh mar ní den sórt sin ag teastáil uait chun críocha leighis, ba chóir é sin a shocrú roimh do chuairt, agus faoina réir sin, is eisceacht aitheanta é.

CÁRTAÍ CUAIRTEORA

7. Ar chead isteach a thabhairt duit, tabharfar cárta cuairteora duit. Ní mór duit an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun an cárta a líonadh agus ní mór duit do chárta cuairteora a thaispeáint ón uair a fhaigheann tú é go dtí díreach sula dtagann deireadh le do thuras, nuair is gá é a thabhairt ar ais.
8. Tá an cead atá agat chun bheith i dTeach Laighean bunaithe ar an bhfáth atá le do chuairt, agus tá dualgas speisialta ar d'urraitheoirí a chinntiú go ngníomhaíonn a gcuid aíonna de réir an Bheartais seo.

RIALACHA SÁBHÁILTEACHTA AGUS SLÁNDÁLA AR AN gCAMPAS

9. Ní mór do chuairteoirí treoracha Uiséirí agus Oifigeach Seirbhíse de chuid Sheirbhís Thithe an Oireachtais a leanúint i gcónaí agus iad ar an gcampas. Ní mór duit treoracha Uiséirí agus Oifigeach Seirbhíse maidir le nithe den chineál seo a leanas a leanúint:
 - cásanna éigeandála ina dteastaíonn aslonnú ón gcampas
 - cásanna sábháilteachta ina dteastaíonn aslonnú ó chodanna áirithe den champas
 - storáil málaí
 - fóin phóca nó gléasanna leictreonacha eile a mhúchadh san áiléar poiblí nó in áiteanna eile ar an gcampas
 - ceamaraí nó trealamh taifeadta eile a úsáid
 - ithe nó ól lasmuigh de na háiteanna inar féidir bia agus deoch a cheannach ar an gcampas
 - rudaí, meirgí nó nithe eile a léiriú a d'fhéadfaí a úsáid chun ráitis a chur in iúl
 - a bheith gléasta go cuí agus an leibhéal cuí measa a thaispeáint ar an timpeallacht, mar is oiriúnach do dhínt agus do chuibheas Thithe an Oireachtais
 - rochtain a fháil le linn do chuairte ar limistéir phoiblí agus limistéir neamhphoiblí araon den fhoirgneamh, nó ar limistéir nach mbaineann le do chuairt.

Ní ceadmhach duit iarracht a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh le Comhaltaí nó le foireann Thithe an Oireachtais sna seomraí nó sna seomraí coiste, ná páirt a ghlacadh in aon slí sa díospóireacht nó sa seisiún go moltach nó go dímholtach, mar shampla, trí labhairt, trí bhosa a bhualadh, nó trí aon scairt nó torann eile, nó aon léiriú físiúil, a dhéanamh.

10. Ní cheadáítear tobac a chaitheamh aon áit ar an gcampas seachas sna Limistéir Caite Tobac ainmnithe. Taispeánfar na limistéir sin duit ach é a iarraidh.

DUL ISTEACH SA CHAMPAS AGUS FANACHT ANN

11. I gcás go sáróidh duine aon cheann de na rialacha seo, nó má chreideann aon Uiséir Parlaiminteach nó Oifigeach Seirbhíse go mb'fhéidir gur bhaol an duine dó/di féin, do dhaoine eile, nó don áitreabh, féadfar cead isteach a dhiúltú don duine sin nó é/í a bhaint as an gcampas, agus féadfar forneart réasúnach a úsáid chuige sin.

12. Má tharraingítear siar an cead atá agat chun bheith ar an gcampas, faoi réir an cheada is lú is gá chun go rachaidh tú chuig an mbealach amach agus imeacht, beidh tú i d'fhoghláí. Má dhéanann duine foghail, féadfar forneart réasúnach a úsáid chun an fhoghail a chosc nó a shrianadh nó chun deireadh a chur léi. Féadfaidh go mbeidh iarmhairtí troma sibhialta nó coiriúla ag baint leis seo nó le haon ábhar eile a bhaineann le hord poiblí. Bíonn comhaltaí den Gharda Síochána ar dualgas go buan san áitreabh nó timpeall air chun a shlándáil a chinntiú. A luaithe a dhéanfar cinneadh do chead a tharraingt siar, ní bhreithneofar uirill ar tharraingt siar ceada go dtí go mbeidh an t-áitreabh fágtha agat, agus ní dhéanfar athbhreithniú ar tharraingt siar do cheada reatha.

ÚSÁID TEILIFÍSE CIORCAID IATA

13. Feidhmíonn ceamaraí TCI, aláráim, agus teicneolaíochtaí eile slándála ar fud Theach Laighean, agus má iarrann tú cead isteach, toilíonn tú le próiseáil d'íomhá agus sonraí pearsanta eile trí na modhanna seo chun críoch dlisteanach slándála.

14. Aon duine a ndéanfar a íomhá/a híomhá a thaifeadadh ar chóras TCI, beidh an ceart aige/aici chun cóip dá shonraí pearsanta/dá sonraí pearsanta ón taifeadadh a iarraidh agus a fháil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Ba chóir an iarraidh seo a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Teach Laighean, Baile Átha Cliath 2, agus ba chóir í a dheanamh laistigh de thréimhse ama réasúnach ó bailíodh na sonraí iomchuí.

SAORÁIL FAISNÉISE

15. Faigheann Tithe an Oireachtais iarrataí Saorála Faisnéise ón bpobal go rialta. Iarrtar i gcuid de na hiarratais seo sonraí faoi dhaoine a thagann isteach sa champas. Más cuairteoir thú, ní nochtfar d'ainm do dhuine a bheidh ag iarraidh faisnéise. Más rud é, áfach, go bhfreastalaíonn tú ar an gcampas ar son cuideachta nó eagraíochta, féadfar ainm na cuideachta nó na heagraíochta sin a nochtadh (ach ní nochtfar d'ainm féin).

CONAS DO CHUAIRT A SHOCRÚ – INROCHTAINÉACHT

16. Is féidir cuairteanna ar an gcampas a shocrú sna slite seo a leanas:

- Trí Chomhaltaí de chuid ceachtar Teach den Oireachtas
- Trí theagmháil dhíreach a dheanamh leis an Deasc Imeachtaí ar 01 6183781
- Trí dhul isteach i scuaine ag an ngeata ar Shráid Chill Dara nó trí áit a chur in áirithe roimh ré ar ghrúpa turais. Tá sonraí faoi thurais le fáil ar <http://www.oireachtas.ie/parliament/ga/cuairteannaocaidi/cuairtartheachlaighean/>.

17. Féadfaidh tú, chomh maith, freastal ar sheisiún de chuid aon cheann den dá Theach san áiléar poiblí le cuireadh ó Chomhalta den Teach sin, nó suí i limistéar poiblí seomra coiste, le cuireadh ó Chomhalta den sórt sin, i rith seisiún poiblí de Choiste Oireachtais. Beidh an cead sin faoi réir ghnó parlaiminteach agus cheanglais slándála Thithe an Oireachtais, agus féadfar líon áirithe suíochán a chur ar leataobh do chuairteoirí nach mbeidh a n-áit curtha in áirithe acu roimh ré trí Chomhaltaí de Thithe an Oireachtais.

18. Déanfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais a seacht ndícheall chun a chinntiú go mbeidh do chuairt fiúntach agus taitneamhach agus go dtabharfar a lán eolais duit le linn duit a bheith ar chuairt. Iarrtar ort, go háirithe, muid a chur ar an eolas faoi aon riachtanais speisialta atá agat maidir le rochtain, cumarsáid agus mar sin de.